

Comhairle Contae Fhine Gall

# Plean Corparáideach 2019 - 2024

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# CLÁR ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| Teachtaireacht ón Mhéara agus Príomhfheidhmeannach | Leathanach 3 |
| Réamhrá | Leathanach 4 |
| Achoimre Chomhthéacsúil / Cúinsí Seachtracha | Leathanach 6 |
| Timpeallacht Oibriúcháin | Leathanach 10 |
| Ráiteas Misin agus Físe | Leathanach 17 |
| Luachanna Corparáideacha | Leathanach 18 |
| Téamaí, Tosaíochtaí agus Cuspóirí Straitéiseacha | Leathanach 19 |
| Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht | Leathanach 25 |


**AGUISÍNÍ:**


| | | |
|---|---|---|
| 1. | An Chomhairle, a Coistí agus a Comhlachtaí Gaolmhara | Leathanach 26 |
| 2. | An Chomhairle agus a Coistí | Leathanach 27 |
| 3. | Comhlachtaí Reachtúla Gaolmhara | Leathanach 28 |
| 4. | Comhlachtaí Gaolmhara Eile | Leathanach 30 |
| 5. | Struchtúr, Cumas agus Acmhainní Eagraíochta | Leathanach 31 |
| 6. | Doiciméid Straitéise agus Polasaí a bhaineann le CC Fhine Gall | Leathanach 32 |
| 7. | Sonraí Bonnlíne | Leathanach 36 |
| 8. | Daoine a ndeachthas i gcomhairle leo | Leathanach 48 |
| 9. | Príomhéachtaí/Príomhthorthaí | Leathanach 50 |
| 10. | Comhaltaí Tofa | Leathanach 52 |
| 11. | Léarscáil an Toghlimistéir Áitiúil | Leathanach 57 |








# TEACHTAIREACHT ÓN MHÉARA AGUS PRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Rinneadh Plean Corparáideach Chomhairle Contae Fhine Gall do 2019-2024 a chur le chéile tar éis tréimhse a chaitheamh go dlúth i gcomhairle le Comhairleoirí, baill foirne, grúpaí pobail, grúpaí gnó, eagraíochtaí do shaoránaigh agus páirtithe leasmhara eile le roinnt míonna anuas.

**Sa Phlean Corparáideach, leagtar amach ráiteas ar ár bhfís, ár luachanna agus ár gcuspóirí i leith an chontae ag a bhfuil an daonra is tapa fás, is óige agus is éagsúla in Éirinn. Aithnítear ann na deiseanna agus na dúshláin a bheidh romhainn sa chéad chúig bliana eile.**

**Cuireadh san áireamh gach gné den obair a dhéanann Comhairle Contae Fhine Gall ar son an chontae seo, agus aithníodh réimsí straitéiseacha inar féidir linn cur le caighdeán na beatha atá ag muintir Fhine Gall.**

**Dá bharr sin, tá doiciméad straitéise againn a chuireann in iúl an ráiteas misin agus físe, príomhluachanna, téamaí, tosaíochtaí straitéiseacha agus cuspóirí straitéiseacha a thugann treoir don Chomhairle ón lá atá inniu ann go dtí 2024. Nascann sé príomhghnéithe le chéile, cosúil le Polasaí, Eagraíocht, Gníomhaíocht Oibriúcháin, Rialachas agus Bainistíocht Feidhmíochta, agus feidhmíonn sé mar phlean oibre don chéad chúig bliana eile.**

**Is é a shocróidh ár mBuiséid Bhliantúla, Cláir Chaipitil agus Pleananna Soláthair Seirbhíse. Beidh pleananna agus straitéisí tosaíochta ag gach Rannóg a mbeidh sé mar aidhm acu ár gCuspóirí Corparáideacha a bhaint amach.**

**Cuirfimid modh ar bun chun aschur agus torthaí a thomhas chun a chinntiú go gcuirfimid ár ngealltanais i gcrích, go bhfuilimid cuntasach agus go bhfuil trédhearcacht inár gcuid oibre. Déanfar monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar an bPlean chun a chinntiú go bhfreagraímid go tapa ar athruithe, cibé athrú a d'fhéadfadh a bheith ann.**

**Ach go háirithe, is léiriú ar fhreagrachtaí na Comhairle i leith cearta daonna agus comhionannas é an Plean. Tacaíonn sé le daoine faoi mhíchumas maireachtáil mar ghnáthdhuine agus tacaíonn sé le hinimircigh a imeascadh laistigh d'Fhine Gall. Tá gníomhaíochtaí a bhaineann le Gníomhú ar son na hAeráide sa Phlean chomh maith.**

**Tá ár bhfoireann go hiomlán tiomanta don Phlean Corparáideach a chur i bhfeidhm agus oibreoidh sí lenár gComhairleoirí, saoránaigh agus páirtithe leasmhara chun an áit is fearr in Éirinn a dhéanamh d'Fhine Gall.**

**Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine a rinne obair ar son an Plean Corparáideach seo a chruthú, agus táimid ag tnúth leis na Comhaltaí Tofa agus na baill foirne a fheiceáil ag tabhairt faoin dúshlán le chéile sa chéad chúig bliana eile chun na huaillmhianta atá sa Phlean a bhaint amach.**

**An Comhairleoir Eoghan O'Brien,**
**Méara Fhine Gall**

**AnnMarie Farrelly,**
**Príomhfheidhmeannach**





# RÉAMHRÁ

Rinneadh an Plean Corparáideach 2019-2024 a ullmhú i gcomhréir leis na riachtanais reachtúla a leagtar amach san Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú.

Ullmhaíodh é chomh maith i gcomhréir le hoibleagáidí reachtúla na Comhairle faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, chun fáil réidh le hidirdhealú, cosaint a dhéanamh ar chearta an duine agus comhionannas deiseanna a chur chun cinn.

Ba chuid lárnach d'fhorbairt an Phlean seo é an comhairliúchán a rinneadh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin forleathan ina raibh páirt ag líon mór ball foirne ar fud na heagraíochta. Anuas air sin, chuathas i gcomhairle leis an bpobal gnó, Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus na grúpaí pobail atá sa líon mór eagraíochtaí atá cleamhnaithe leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) le linn an Plean seo a fhorbairt. Is léiriú é an Plean deiridh ar an ionchur ón bpróiseas comhairliúcháin forleathan seo.

Leagtar amach sa Phlean Corparáideach 2019-2024 na tosaíochtaí agus cuspóirí straitéiseacha don Chomhairle, bunaithe ar cheithre théama straitéiseacha:

**CÁILÍOCHT NA BEATHA**

**COMHSHAOL AR ARDCHAIGHDEÁN ATÁ ATHLÉIMNEACH Ó THAOBH AERÁIDE**

**TIMPEALLACHTA OIBRE ARDCHAIGHDEÁIN**

**CÁILÍOCHT INÁR N-OBAIR**




SCQ
Swords Cultural Quarter
Discover Our Living History
Swords Cultural Quarter
Discover Our Living History

# ACHOIMRE CHOMHTHÉACSÚIL/CÚINSÍ SEACHTRACHA

Clúdaíonn contae Fhine Gall limistéar geografach de 450 ciliméadar cearnach, ó Bhaile Brigín ar an taobh ó thuaidh den chontae go dtí Baile Bhlainséir ar an taobh thiar theas agus go dtí Binn Éadair ar an taobh thoir.
Tá an cósta 88 km ar fad agus tá 13 thrá mhóra, trí inbhear mhóra agus gnáthóga réisc goirt ar an gcósta. Tá oidhreacht chultúrtha shaibhir ag an gcontae agus imríonn an Chomhairle ról mór maidir le roinnt de na príomhthaitneamhachtaí a mheallann turasóirí a fhorbairt, Diméin Ard Giolláin, Teach Dhroichead Nua, Caisleán agus Gairdíní Mhullach Íde agus Muilte na Sceirí san áireamh.



Tá buntáistí móra ag an gcontae ó thaobh an gheilleagair de, ach go háirithe cé chomh gar do Chathair Bhaile Átha Cliath agus an Calafort trí Thollán an Chalafoirt agus a suíomh an chontae ar chonair eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath Bhéal Feirste. Nascann na mórbhealaí artaireacha an M50, M1, M2 agus M3 an contae leis an gcuid eile de Bhaile Átha Cliath agus tuaisceart na tíre. Is príomh-mhol iompair le haghaidh taisteal isteach sa tír agus amach aisti é Aerfort Baile Átha Cliath, atá lonnaithe i gcroílár an chontae, agus is tiománaí suntasach eacnamaíochta sa chontae é chomh maith.

Tá go leor comhlachtaí aitheanta san earnáil TCF agus an earnáil chógaisíochta suite i Saincheantar Fiontraíochta Bhaile Átha Cliath, atá lonnaithe i mBaile Bhlainséir agus ina bhfuil 1,571 heicteár talún tionsclaíche. Tá post ag os cionn 19,000 duine a oibríonn i 780 comhlacht ann.

Tá institiúid tríú leibhéal amháin sa chontae, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, ar ar tugadh Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir, agus forbraíodh dlúthnaisc le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath freisin.

Leagtar amach déimeagrafaic an chontae sna míreanna seo a leanas.

## DAONRA

De réir Dhaonáireamh 2016 is ionann daonra Fhine Gall agus 296,020, arb é sin an tríú daonra is mó sa tír, taobh thiar de Chathair Bhaile Átha Cliath agus Contae Chorcaí. Is ionann é sin agus méadú 8% ar an daonra i nDaonáireamh 2011 agus 17% ar an daonra i nDaonáireamh 2006. Sa tréimhse chéanna, d'fhás an contae níos tapa ná aon údarás áitiúil eile.

## AOIS

Bhí thart ar 42% de dhaonra an chontae faoi bhun 30 bliain d'aois in 2016, i gcomparáid leis an meán náisiúnta 39%. Bhí 13% os cionn 60 bliain d'aois sa chontae, i gcomparáid le 18% go náisiúnta. Ba iad na catagóirí aoise 0-15 agus 25-39 bliain d'aois na catagóirí ina raibh céatadán an daonra i bhfad níos airde i bhFine Gall ná an meán náisiúnta.

## TEAGHLAIGH

De réir Dhaonáireamh 2016, bhí 96,812 teaghlach i bhFine Gall. Ba mhéadú 16,400 nó 20% é sin ar an líon in 2006. Ba ionann meánmhéid na dteaghlach príobháideach agus 3.03 duine in 2016, agus ba ionann an figiúr céanna don Stát ar fad agus 2.75 duine.

## NÁISIÚNTACHTAÍ

Tá an dara líon is mó náisiúnach nach náisiúnaigh Éireannacha iad (64,000) i bhFine Gall, taobh thiar de Chathair Bhaile Átha Cliath, agus tá an 3ú céatadán is airde náisiúnach nach náisiúnaigh Éireannacha iad i bhFine Gall, taobh thiar de Chathair na Gaillimhe agus Cathair Bhaile Átha Cliath.

# ACHOIMRE CHOMHTHÉACSÚIL/CÚINSÍ SEACHTRACHA

## COMHTHÉACS EACNAMAÍOCHTA

Tá sócmhainní iontacha nádúrtha, fisiceacha, geografach agus eacnamaíocha ag Fine Gall. Is léiriú iad ar mhéid, suíomh, muintir agus ról an chontae i mBaile Átha Cliath agus sa tír.
Tá líon na ndaoine fostaithe i bhFine Gall ina chuid lárnach den chomhthéacs eacnamaíochta inar ullmhaíodh an Plean Corparáideach seo.

De réir Dhaonáireamh 2016, ba ionann an lucht saothair iomlán agus 149,386. Bhí an ráta is airde rannpháirtíochta sa lucht saothair ag an gcontae i measc gach cathrach agus contae sa tír. Bhí an ráta fostaíochta is airde ag an gcontae agus an ráta is ísle dífhostaíochta i gcomparáid le contaetha eile sa Stát ar fad.

Léirigh Daonáireamh 2016 go raibh an ráta fostaíochta sa chontae beagnach 90% den lucht saothair, i gcomparáid le 87% ag an leibhéal náisiúnta.

Is láidreacht agus deis é táirgiúlacht agus fuinneamh an daonra agus an luchta saothair óig, ach is dúshlán é ó thaobh seirbhísí, tithíocht, sócmhainní sóisialta agus cultúir agus cáilíocht beatha a chur ar fáil, agus ó thaobh comhtháthú sóisialta agus freastal a dhéanamh ar riachtanais ghluaiseachta agus eile atá ag daonra atá gníomhach go sóisialta agus go heacnamaíoch. Tá rudaí éiginnte ann chomh maith, cosúil leis an mBreatimeacht. Ní fios fós cén tionchar a bheidh aige sin ar an gcontae.

Tá bonn láidir agus leathan eacnamaíochta ag an gcontae. Tá líon maith daoine ag obair i ngach earnáil agus tá gnéithe den bhonneagar eacnamaíochta a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo sa chontae, lena n-áirítear Aerfort Bhaile Átha Cliath agus an cnuasach tionscal coimhdeach seirbhíse agus monaraíochta atá aige, na hinstitiúid ardoideachais ag DCU agus Baile Bhlainséir, chomh maith leis na cnuasaigh fiontraíochta a bhaineann leis na hearnálacha cógaisíochta, eolaíocht na beatha, TCF agus táirgthe bia.

Beidh gá leis na sócmhainní sin a chosaint agus a fheabhsú go leanúnach má tá an réigiún chun fanacht iomaíoch. Beidh gníomhartha de dhíth freisin chun forbairt a dhéanamh ar an meascán fiontar ionas go mbeidh tuilleadh gníomhaíochtaí fiontraíochta ar bun atá níos marthanaí, a bhfuil luach níos airde ag baint leo agus atá iomaíoch go hidirnáisiúnta.

Tuartar sa Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíochta go mbeidh thart ar 500,000 duine ina gcónaí i réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre faoi 2040, agus go bhfástar contae Fhine Gall thart ar 50,000 faoi 2031 (méadú thart 16% ar 2016). Beidh éilimh shuntasacha ann mar gheall ar an bhfás sin ó thaobh seirbhísí agus bonneagair de, chomh maith le deiseanna agus acmhainneacht ó thaobh caipiteal daonna, forbairt shóisialta, deiseanna eacnamaíochta agus folláine de. Is dúshlán ríthábhachtach é fás agus forbairt a dhéanamh ar bhealaí a dhéanfaidh éascaíocht ar dheiseanna eacnamaíochta agus ar rochtain ar sheirbhísí cuí, bealaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, a chosnaíonn agus a fheabhsaíonn slí bheatha, sláinte agus cáilíocht na ndaoine.

Sa chéad chéim eile d'fhorbairt náisiúnta agus réigiúnach, áirítear leis na dúshláin a bheidh roimh Fhine Gall chun a ról maidir le fás inbhuanaithe agus rathúil a chur i gcrích:

• pleanáil réamhghníomhach agus sheiftiúil a dhéanamh ar mhaithe lenár ndaonra ó thaobh riachtanais shóisialta, bhonneagair agus seirbhíse de

• éascaíocht a dhéanamh ar riachtanais ghluaiseachta agus pátrúin chomaitéireachta agus gníomhaíochta geilleagraí atá ag athrú, lena n-áirítear an t-éileamh ar iompar poiblí, cianobair agus spásanna oibre comhroinnte sa chontae

• riachtanais tithíochta daonra atá ag fás a shásamh - ó thaobh aonad, suíomhanna, méideanna, leaganacha amach, inacmhainneachta, seirbhísí agus forbairt pobail dhearfach agus inbhuanaithe

• déileáil leis an éagsúlacht mhór sa chontae, go fisiciúil agus go sóisialta

• aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra a bhaineann leis an athrú aeráide agus ídiú acmhainní comhshaoil i ngach réimse den saol fisiciúil, sóisialta agus eacnamaíochta

• glacadh leis an acmhainneacht iomlán agus na deiseanna ar fad a chruthaíonn an teicneolaíocht maidir le soláthar seirbhíse, bainistíocht bhonneagair agus rannpháirteachas saoránach

• sócmhainní agus acmhainní atá ag an gcontae anois agus a bheidh ag an gcontae amach anseo a chosaint agus a fheabhsú, agus tacú leo.



# ACHOIMRE CHOMHTHÉACSÚIL/CÚINSÍ SEACHTRACHA

## SAIBHREAS AGUS DÍOTHACHT

De réir Innéacs Díothachta Haase Pratschke (HP) de chuid Phobal, ba ionann Scór Díothachta Fhine Gall agus 5.31 in 2016. Ciallaíonn sé sin go raibh an contae ar an dara contae nó cathair is saibhre sa tír, nuair a chuirtear gach rud san áireamh. Ach déanann an scór comhiomlán éagsúlacht mhór i measc limistéir áitiúla an chontae. Tá roinnt ceantar liostaithe mar an-saibhir agus tá ceantair eile faoi mhíbhuntáiste nó faoi bhun meánleibhéil saibhris.

## AN DUALGAS EARNÁLA POIBLÍ

Tá Fine Gall tiomanta dá oibleagáid reachtúil faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 a chomhlíonadh. Is iad sin deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na mball foirne agus na ndaoine ar a bhfreastalaíonn sí a chosaint.





# TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

## RÉIGIÚN BHAILE ÁTHA CLIATH - COMHTHÉACS

Aithnítear go bhfuil limistéar uirbeach mór agus cúlchríoch láidir tuaithe i bhFine Gall agus go gcuirfidh conairí nua iompair phoiblí deiseanna nua ar fáil chun forbairt iompair phoiblí ar ardchaighdeán ardtoillte agus fás tithíochta a neartú.

I dtaca leis sin, níor cheart go ndéanfaí an limistéar uirbeach atá ann a mhéadú ach in éineacht le pleananna tiomanta chun tionscadail iompair phoiblí iarnróid éadroim nó throm ar ardchaighdeán a fhorbairt.



Tacóidh sé sin le Straitéis Iompair an Údaráis Náisiúnta Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm agus an leas is mó is féidir a bhaint as an infheistíocht ar an scála mór atá á déanamh in iompar poiblí i réigiún Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Moltar go sonrach sna Treoirlínte maidir le Pleanáil Réigiúnach gur cheart formhór na tithíochta i bhFine Gall a fhorbairt amach anseo laistigh de na ceantair ar a bhfreastalaíonn bonneagar iompair straitéiseach den chineál sin, agus go ndéanfar bailte taobh amuigh de na conairí sin a fhorbairt ar bhonn céimneach chun leibhéil níos ísle fáis a chumasú ar aon dul leis an méadú nádúrtha ar leibhéil daonra.

## PLEANÁIL AGUS BONNEAGAR STRAITÉISEACH

Leagtar amach i bPlean Forbartha Fhine Gall 2017-2023 na haidhmeanna foriomlána agus an treoir straitéiseach don Chontae, lena n-áirítear straitéis lonnaíochta bunaithe ar fhorbairt chomhtháite, úsáid éifeachtúil talún a uasmhéadú agus úsáid talún agus iompar a chomhtháthú. Cuireadh an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta i bhfeidhm i Réigiún Bhaile Átha Cliath agus Réigiún an Lár-Oirthir leis na Treoirlínte maidir le Pleanáil Réigiúnach do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2010-2022. Ba iad na Treoirlínte sin an príomhrud a d'imir tionchar ar an bPlean Forbartha a ullmhú ó thaobh beartas réigiúnach de.  Iarrann siad chomh maith beartais a chur i gcrích a chomhtháthaíonn úsáid talún, iompar, fás geilleagrach agus infheistíocht i bhfóntais - uisce, leathanbhanda agus fuinneamh - ionas go ndéanfar áit inbhuanaithe ardchaighdeáin le haghaidh gnó, cónaitheoirí agus cuairteoirí de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC).



# TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

## TITHÍOCHT

Tá soláthar tithíochta ar ardchaighdeán in áiteanna cuí mar bhonn faoi dhul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta ag an leibhéal réigiúnach, mar cinntíonn sé sin go n-éiríonn go maith lenár gcathracha, bailte agus sráidbhailte agus go bhfuil daoine ag iarraidh cónaí agus oibriú iontu, thar aon ní eile. Tá dúshláin chasta roimh an earnáil tithíochta faoi láthair, agus tá dúshláin shuntasacha ag baint le riachtanais tithíochta geilleagair atá ag fás a chomhlíonadh. Is dúshlán fós do gach údarás áitiúil, Comhairle Contae Fhine Gall san áireamh, é tithíocht shóisialta a sholáthar chun na riachtanais atá ag ár saoránaigh inniu agus a bheidh acu amach anseo a chomhlíonadh. Déantar an soláthar sin, agus tugtar treoir dó, le Straitéis Tithíochta Fhine Gall, an Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2019-2024 agus cuspóirí straitéis an Rialtais Atógáil Éireann – Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine, straitéis a thugann tús áite d'aghaidh a thabhairt ar easpa dídine, borradh a chur faoi sholáthar tithíochta de gach cineál tionachta, earnáil chíosa níos fearr a chur ar bun agus úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an stoc tithíochta.

Tá dúshlán tromchúiseach roimh réigiún Bhaile Átha Cliath fós ó thaobh géarchéim na heaspa dídine a réiteach, agus leanann Comhairle Contae Fhine Gall de bheith ag obair i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath agus le Feidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath. Déanann an Chomhairle dianiarracht dul i ngleic leis an easpa dídine agus réitigh nuálacha a chur i láthair chun tacú le daoine níos leochailí sa phobal. Déantar é sin le cur chuige straitéiseach agus trí ghníomhartha fíora atá ag teastáil chun easpa dídine a chosc agus iad siúd atá gan dídean nó i mbaol a bheith gan dídean a chosc agus obair a dhéanamh maidir leo i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le hEaspa Dídine 2019-2021.

Déanfaidh an Chomhairle dianiarracht a chinntiú go soláthraítear tithe sa chontae ar bhealach a chuireann roghanna tithíochta ar fáil atá inbhuanaithe, ar ardchaighdeán agus a bhfuil tionachtaí éagsúla ag baint leo. Déanfar é sin le bainistíocht forbartha agus gníomhachtaithe úsáide talún agus le comhoibriú le príomhpháirtithe leasmhara.

Is cuspóir tosaíochta do Chomhairle é éascaíocht a dhéanamh ar chaighdeáin mhaithe i gcóiríocht ar cíos chun cur le caighdeán na beatha atá ag daoine agus teaghlaigh a chónaíonn in earnáil na cóiríochta ar cíos.



# TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

## TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE

Maidir le Teicneolaíocht Faisnéise (TF), bainfimid úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun dearadh seirbhísí a chumasú a chomhlíonfaidh riachtanais daoine agus gnólachtaí, seirbhísí atá níos éasca le húsáid ag daoine agus gnólachtaí agus atá is éifeachtúla ó thaobh costais de le soláthar ag an gComhairle.

Leagfaimid béim ar thrí cholún maidir le Seirbhísí TF a sholáthar – Comhairle Dhigiteach, Seirbhísí Digiteacha agus Contae Digiteach. Déanfaimid freisin ár gcur chuige a ailíniú leis na cuspóirí a leagtar amach i Straitéisí TCF na Seirbhíse Poiblí agus Rialtais Áitiúil – Tógáil le Roinnt; Digiteach ar dTús; Sonraí mar Chumasóir; Rialachas a Fheabhsú.



### Comhairle Dhigiteach

Bainfimid úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun ionad oibre na Comhairle a chumasú agus a chlaochlú. Déanfar próisis de láimh agus bunaithe ar pháipéar a dhigitiú agus infreastruchtúr teicneolaíochta atá iontaofa, éifeachtach, slán agus ar fáil a chur i bhfeidhm.

### Seirbhísí Digiteacha

Bainfimid úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun soláthar sheirbhísí na Comhairle a chumasú agus a chlaochlú trí dhearadh seirbhíse agus beartais ó cheann ceann a dhíríonn ar úsáideoirí agus nuálaíocht maidir le soláthar seirbhíse.

### Contae Digiteach

Bainfimid úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun cur leis an bhfeabhas atá a chur ar an mbealach a gcónaímid, a n-oibrímid agus a ndéanaimid gnó i bhFine Gall

### Tógáil le Roinnt

Leanfaimid de bheith ag obair i gcomhar le hearnáil an Rialtais Áitiúil agus comhlachtaí Rialtais eile, agus iarrfaimid ar dheiseanna le haghaidh comhoibriú breise, maidir le cuir chuige chomhroinnte i leith seirbhísí, soláthar feidhmchlár, infreastruchtúr, slándáil, tacaíocht agus soláthar.

### Sonraí mar Chumasóir

Bainfimid a oiread leasa agus is féidir as bainistíocht, úsáid agus comhroinnt sonraí chun tacú le agus feabhas a chur ar an soláthar seirbhísí; chun bearta éifeachtúlachta a spreagadh; chun eolas níos fearr a dhéanamh do chinnteoireacht agus méadú a chur ar oscailteacht agus trédhearcacht idir an Chomhairle agus an pobal.

### Rialachas a Fheabhsú

Tabharfaimid faoi phróiseas feabhsúcháin leanúnaigh maidir le rialachas Teicneolaíochta Faisnéise chun ailíniú a chinntiú, riosca a laghdú agus deachleachtas i rialachas agus slándáil a chinntiú.

Beidh sé thar a bheith tábhachtach an tiomantas i Straitéis Dhigiteach na Comhairle a chur i gcrích chun an tairbhe is mó is féidir a bhaint as rolladh amach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda. Tá an Chomhairle tiomanta d'éascaíocht a dhéanamh ar an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda agus aithníonn sí an ról ríthábhachtach a bheidh ag nascacht dhigiteach i bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta uirbeach agus thuaithe i bhFine Gall.



# TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

## SEIRBHÍSÍ COMHROINNTE

Tá ról gníomhach ag an gComhairle cheana maidir le roinnt dá seirbhísí a sholáthar le samhail seirbhísí comhroinnte agus leanfaidh sí scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna breise.

Leanfaidh an Chomhairle ag feidhmiú mar gníomhaire ar son Uisce Éireann maidir le seirbhísí uisce agus cóireáil fuíolluisce a sholáthar do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

I Meitheamh 2018, cheadaigh an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (GBRÁ) tabhairt isteach an Aonaid Chomhordúcháin Láraithe d'Aoisbhá Éireann lena ndéanfar an tseirbhís chomhroinnte náisiúnta Aoisbhá a bhainistiú laistigh de Chomhairle Contae na Mí.

Cuireann an tseirbhís chomhroinnte seo deis uathúil ar fáil chun bailiú, óstáil agus comhroinnt eolais a thabhairt le chéile thar gach ceann de na 31 clár Aoisbhá. Óstálann Comhairle Contae Fhine Gall an Bainisteoir Cláir Réigiúnach Aoisbhá do réigiún an Oirthir, réigiún ina bhfuil na Comhairlí Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Bhaile Átha Cliath Theas, na Mí agus Lú chomh maith.


Leanfaidhm Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath de bheith i gceannas mar an Príomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA).

Tá an príomhúdarás freagrach as gníomhartha forfheidhmiúcháin dramhaíola laistigh den réigiún a chomhordú, tosaíochtaí agus cuspóirí comhchoiteanna a leagan amach, forfheidhmiúchán comhsheasmhach maidir le reachtaíocht dramhaíola a chinntiú sna trí réigiún pleanála bainistíochta dramhaíola atá ann. Leanfaidh pearsanra na Comhairle de bheith ag feidhmiú mar chéad fhreagróirí sa phobal i dtaca le sáruithe áirithe na reachtaíocht dramhaíola.

Imríonn an Chomhairle ról gníomhach i bhFeidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath, ar oibríocht seirbhíse comhroinnte é a fheidhmíonn faoi scáth Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar an Údarás Reachtúil i Réigiún Bhaile Átha Cliath maidir le freagairtí ar easpa dídine a chomhordú.

Feidhmíonn Comhairle Contae Laoise Ionad Seirbhísí Comhroinnte Rialtais Áitiúil chun críocha seirbhísí próiseála párolla agus aoisliúntais a chur ar fáil don earnáil. Feidhmíonn baill foirne de chuid Chomhairle Contae Laoise an ionad seirbhísí comhroinnte agus tugtar "MyPay" air freisin. Faoi láthair, cuireann MyPay seirbhísí párolla agus aoisliúntais ar fáil do 30 údarás áitiúil, Comhairle Contae Fhine Gall san áireamh.

Cuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tSeirbhís Dóiteáin ar fáil d'Fhine Gall. Tugann na seirbhísí ar fad de chuid Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath, an tSeirbhís Otharchairr san áireamh, aghaidh ar theagmhais, timpistí agus éigeandálaí i bhFine Gall.



# TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

## RIALÚ FOIRGNÍOCHTA

Ainmníodh an Chomhairle mar an Údarás Rialaithe Foirgníochta faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990 go 2014, agus tá cumhachtaí láidre aici comhlíonadh na Rialachán Tógála agus na Rialachán Táirge Foirgníochta a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú.

Is é aidhm na rialachán tógála soláthar a dhéanamh do shábháilteacht agus leas na ndaoine i bhfoirgnimh agus thart orthu, soláthar a dhéanamh do dhaoine faoi mhíchumas agus fuinneamh agus breosla a chaomhnú. Tá comhlíonadh éifeachtach mar bhonn faoi mhargaí, cosnaíonn sé an comhshaol agus cearta agus sábháilteacht daoine.



Oibríonn an Chomhairle i gcomhar leis an oifig nuabhunaithe, an Oifig Náisiúnta um Rialú Foirgníochta. Cuireadh ar bun í chun maoirseacht agus neartú a dhéanamh ar an bhFeidhm Rialaithe Foirgníochta in údaráis áitiúil agus is seirbhís chomhroinnte í laistigh de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

## BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS

Déanfar acmhainní airgeadais na Comhairle a bhainistiú ar an mbealach is stuama is féidir d'fhonn infhaighteacht airgid a uasmhéadú chun soláthar éifeachtach seirbhísí san earnáil a chumasú.

Bainfear é sin amach ar na bealaí seo a leanas: seirbhís bailiúcháin rátaí tráchtála éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar; torthaí ó gach foinse maoinithe airgeadais a uasmhéadú; monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais airgeadais ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha na Comhairle; barr feabhais a chur ar úsáid acmhainní; agus luach ar airgead a fháil.

Déanfaidh an Rannóg Airgeadais éascaíocht ar dhul chun cinn a dhéanamh maidir le cur i gcrích na gClár Caipitil ar ghlac an Chomhairle leo, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil. Anuas air sin, cuirfidh sí Rannóg Árachais éifeachtach ar fáil chun cosaint láidir a dhéanamh i gcás éileamh, más cuí, d'fhonn a dtionchar ar acmhainní a íoslaghdú.

## GNÍOMH AR SON NA HAERÁIDE

D'fhorbair an Chomhairle a Plean Gníomhaíochta um an Athrú Aeráide le cúnamh ó Ghníomhaireacht Bainistíochta Fuinnimh Chathair Bhaile Átha Cliath (Codema) agus Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide Chathair Bhaile Átha Cliath. Ghlac an Chomhairle leis an bplean i mBealtaine 2019.

Tá spriocanna sa phlean gníomhaíochta go méadófar Éifeachtúlacht Fuinnimh 33% roimh 2020 agus go laghdófar CO2 40% roimh 2030 i gcás gníomhaíochtaí na Comhairle. Tacóidh an Chomhairle le háit atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a dhéanamh d'Fhine Gall agus glacfaidh an Chomhairle le ról ceannaireachta maidir leis an aistriú chuig sochaí dhícharbónaithe, ár straitéisí, beartais agus nósanna imeachta a dhíonadh ó thaobh na haeráide de, agus caidreamh gníomhach a chothú le muintir na Comhairle. Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag obair go dlúth i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath, Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide Chathair Bhaile Átha Cliath, údaráis réigiúnacha agus comhlachtaí náisiúnta.



# TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

## SEIRBHÍSÍ CUSTAIMÉARA

Tá úsáid á baint anois as an tsamhail seirbhíse custaiméara a bhí á feidhmiú cheana ag an Aonad Cúraim Custaiméara (ACC) i Halla an Chontae in oifigí na Comhairle i mBaile Bhlainséir agus Baile Brigín. Is léiriú é sin ar thiomantas na Comhairle d'fheabhas a chur ar an eispéireas custaiméara. Déileálfar le hidirghníomhaíochtaí le custaiméirí a fhaigheann Gníomhairí Seirbhíse Custaiméara san ACC ar an bhfón, ar ríomhphost nó go pearsanta (duine le duine), chomh fada agus is féidir, ag an gcéad pointe teagmhála.

Le leathnú na samhla 'céad phointe teagmhála' seo, dírítear ar sheirbhís custaiméara ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Tá an Chomhairle tiomanta do sheirbhís agus tacaíocht phroifisiúnta, fhóinteach agus ardchaighdeáin a chur ar fáil agus a sheachadadh chun a chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais na gcustaiméirí.

Beartaítear go ndéileálfaidh an ACC le hidirghníomhaíochtaí eile, iad siúd a fhaightear go digiteach ar bhealaí eile san áireamh. Is léiriú ar aistriú digiteach na Comhairle agus ar na hathruithe atá ag teacht ar conas a idirghníomhaíonn daoine a bheidh ann.

## FORFHEIDHMIÚ DRAMHAÍOLA

Leanfaidh an tAonad Forfheidhmithe Dramhaíola ag cinntiú go gcloítear le Rialacháin Bainistíochta Dramhaíola, lena n-áirítear áiseanna aisghabhála dramhaíola a cheadú, monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar aistriú dramhaíola agus oibleagáidí/ freagrachtaí an táirgeora.

Ullmhóidh an t-aonad an Plean RMCEI (Critéir Íosta Molta i leith Cigireachtaí Comhshaoil) ina n-aithneofar agus ina dtabharfar tús áite do ghníomhaíochtaí agus cigireachtaí forfheidhmithe i bhFine Gall.



# TIMPEALLACHT OIBRIÚCHÁIN

## BAINISTÍOCHT RIOSCA

Ba chéim shuntasach é straitéis bainistíochta maidir le riosca corparáideach a fhorbairt chun na rioscaí a bhaineann le seirbhísí na Comhairle a sholáthar a aithint.

Is é cuspóir na straitéise bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ag an gComhairle agus na bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ar an gComhairle.

Is cuid lárnach den phróiseas pleanála soláthair seirbhíse é Bainistíocht Riosca agus an bealach a bhainistíonn an Chomhairle a cuid gnóthaí. Is próiseas é a ndéantar forbairt leanúnach air. Mar chuid den phróiseas, tugann an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin aghaidh go córasach ar na rioscaí a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí agus cuspóirí, agus an aidhm acu soláthar seirbhíse atá eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach a bhaint amach.

Ní hé atá i gceist le Bainistíocht Riosca go seachnófar riosca, ach baineann sé le tuiscint a fháil agus measúnacht a dhéanamh ar dheiseanna agus bagairtí agus cinntí feasacha a ghlacadh maidir le conas iad sin a bhainistiú chun éifeachtúlacht na seirbhísí a chuirtear ar fáil do mhuintir Fhine Gall a uasmhéadú.

## ACMHAINNÍ DAONNA

Tá méadú tagtha ar líon na bhfostaithe i bhFine Gall ón tréimhse go díreach i ndiaidh an chúlaithe eacnamaíochta.

Tráth ghlacadh an Phlean, tá 1,356 ball foirne coibhéis lánaimseartha (CLA) ag obair sna rannóga éagsúla san eagraíocht. Tá an geilleagar ag oibriú gar do lánfhostaíocht, agus mar sin ba dhúshlán é go dtí seo baill foirne a earcú agus a choinneáil agus is dócha go leanfaidh an scéal ar aghaidh mar sin go ceann i bhfad.

Déanfaidh an Clár um Ionad Oibre Digiteach an timpeallacht oibre a bhunathrú chun feabhais ar mhaithe leis na baill foirne atá ann agus a bheidh ann. Ag an am céanna, cuirfidh bolscaireacht maidir lenár jabanna agus seirbhísí in iúl gur áit mhaith le hoibriú ann agus chun cuidiú leis an bpobal í an Chomhairle. Leanfaidh an Chomhairle d'infheistíocht shuntasach a dhéanamh in oiliúint agus forbairt foirne.

Léiríonn sé sin ár dtiomantas do na baill foirne san eagraíocht agus forbróidh sé sin cumas na heagraíochta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bheidh ann ó thaobh soláthair seirbhíse de amach anseo.

Leanfaidh an Chomhairle de bhéim a leagan ar sheirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar, agus leanfar ar aghaidh feidhmíocht foirne a bhainistiú leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF).



# ÁR bhFÍS

Fine Gall - áit iontach le cónaí ann, oibriú ann, cuairt a thabhairt air agus gnó a dhéanamh ann



# ÁR MISEAN

A bheith inár gComhairle atá beoga, oscailte agus eagraithe go maith a léiríonn ceannaireacht agus a ghlacann le héagsúlacht agus deiseanna

# ÁR LUACHANNA CORPARÁIDEACHA

**CUNTASACH**

Táimid cuntasach i leith ár ngealltanais a chur i gcrích

**FEIDHMIÚ LE HIONRACAS**

Oibrímid ar bhonn prionsabail agus ar bhealach oscailte agus coinsiasach

**FEABHAS LEANÚNACH A DHÉANAMH**

Glacaimid le hathruithe agus táimid sa tóir ar bharr feabhais

**CEANNAIREACHT DHAONLATHACH AGUS SHIBHIALTA**

Tá meas againn ar an bpróiseas daonlathach agus cosnaímid ceannaireacht shibhialta

**CAIDREAMH A BHUNÚ AGUS DAOINE A SPREAGADH**

Dírímid ar chaidreamh a bhunú lenár ndaoine agus iad a spreagadh

**CUIMSITHEACHT**

Cuirfimid gach duine san áireamh lenár ngníomhaíochtaí

**TÚS ÁITE A THABHAIRT DO DHAOINE**

Tá meas againn ar dhaoine, spreagaimid a bhforbairt agus cúitímid iad as a bhfeidhmíocht

**INBHUANAITHEACHT**

Tugaimid tús áite d'inbhuanaitheacht i ngach rud a dhéanaimid



# TÉAMAÍ STRAITÉISEACHA

Aithníodh ceithre théama straitéiseacha mar chuid den Phlean seo a fhorbairt. Is léiriú iad ar an timpeallacht oibre chasta agus cheangailte atá san eagraíocht.

Baineann na téamaí seo le gach Rannóg san eagraíocht maidir lenár seirbhísí a chur ar fáil do mhuintir Fhine Gall. Tá roinnt tosaíochtaí straitéiseacha ardleibhéil ag baint le gach téama agus, chomh maith leis sin, tá roinnt cuspóirí straitéiseacha ag baint le gach tosaíocht straitéiseach.

Leagtar amach sa chéad mhír eile na tosaíochtaí straitéiseacha agus cuspóirí straitéiseacha a bhaineann le gach ceann de na ceithre Théama.

**TÉAMA 1: CAIGHDEÁN NA BEATHA**

3 THOSAÍOCHT
20 CUSPÓIR

**TÉAMA 2: COMHSHAOL AR ARDCHAIGHDEÁN ATÁ ATHLÉIMNEACH Ó THAOBH AERÁIDE DE**

2 THOSAÍOCHT
11 CHUSPÓIR

**TÉAMA 3: TIMPEALLACHT GNÓ AR ARDCHAIGHDEÁN**

3 THOSAÍOCHT
11 CHUSPÓIR

**TÉAMA 4: CÁILÍOCHT INÁR GCUID OIBRE**

3 THOSAÍOCHT
14 CHUSPÓIR



# TÉAMA 1: Caighdeán na Beatha

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH
## *TACÚ LE RIACHTANAIS ÉAGSÚLA ATÁ AG MUINTIR FHINE GALL*

## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

Socrú a dhéanamh maidir le forbairt inbhuanaithe an chontae trí athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Forbartha an Chontae - agus Plean nua a ullmhú

Éascaíocht a dhéanamh ar thithe poiblí agus príobháideacha a sholáthar sa chontae chun roghanna tithíochta a chur ar fáil, atá inbhuanaithe, ar ardchaighdeán agus a bhfuil tionachtaí éagsúla ag baint leo, trí mheán gníomhachtú úsáide talún agus bainistíocht forbartha

Éascaíocht a dhéanamh ar chaighdeáin mhaithe i gcóiríocht ar cíos chun cur le caighdeán na beatha atá ag daoine agus teaghlaigh a chónaíonn in earnáil na cóiríochta ar cíos

Dianiarracht a dhéanamh chun a chinntiú go spreagtar gach pobal i bhFine Gall, beag beann ar aois, náisiúntacht, eitneacht, nó cúlra cultúir nó reiligiúnach, páirt a ghlacadh i agus leas a bhaint as na seirbhísí a chuireann an Chomhairle ar fáil
Ríocht phoiblí shábháilte agus inbhuanaithe a chur ar fáil chun riachtanais na ndaoine ar fad sa chontae a shásamh.

Forbairt agus feabhas a dhéanamh ar fhéiniúlacht chultúrtha agus ealaíon Fhine Gall, spás a dhéanamh do na healaíona chun daoine agus smaointe a cheangal agus rannpháirtíocht i ngach cineál ealaíne a spreagadh.

Spásanna agus seirbhísí leabharlainne dinimiciúla agus ionchuimsitheacha a chur ar fáil don phobal

Tacú le cultúr agus caitheamh aimsire, agus litearthacht, oideachas agus forbairt gheilleagrach a chumasú trí mheán cláir nuálaíochta

Conairí éifeachtacha a chruthú do mhuintir Fhine Gall chun pátrúin rannpháirtíochta i spórt, caitheamh aimsire agus fóillíocht a fhorbairt agus, mar sin, slite maireachtála sláintiúla a chruthú agus cur chuige inbhuanaithe maidir le forbairt spóirt a thógáil

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH
## *A CHINNTIÚ GO bhFUIL ÁR bPOBAIL REATHA AGUS NUA SÁBHÁILTE, IONCHUIMSITHEACH AGUS INBHUANAITHE*

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH

Pleananna a fhorbairt chun éascaíocht a dhéanamh ar sholáthar tithíochta a mhéadú sa chontae

Braistint áite láidir, féiniúlacht agus folláine a thógáil trí phobail chothroma, ionchuimsitheach agus cheangailte a fhorbairt

Tacú le comharsanachtaí láidre agus athléimneacha a fhás

Páirceanna agus spásanna oscailte ar ardchaighdeán a sholáthar chun riachtanais na n-úsáideoirí ar fad a shásamh agus timpeallacht shláintiúil a chruthú

Ceannaireacht chomhoibríoch a chothú i measc páirtithe leasmhara maidir le forbairt pobail áitiúil agus eacnamaíochta

Tacú le pobail láidre, shábháilte agus ghníomhacha a fhorbairt chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol sibhialta agus ceiliúradh a dhéanamh ar ár bhféiniúlacht trí na healaíona, cultúr, oidhreacht agus spórt

Tacú le pobail áitiúla agus cónaitheoirí riachtanais na ndaoine is leochailí inár sochaí a shásamh, ag obair le gníomhaireachtaí eile i bhFine Gall

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH
## *CAIDREAMH A BHUNÚ LENÁR bPÁIRTITHE LEASMHARA*

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH

A chinntiú gur féidir lenár saoránaigh, gnólachtaí agus eagraíochtaí cumarsáid a dhéanamh leis an gComhairle

Teagmháil a dhéanamh le agus dul i gcomhairle le daoine agus páirtithe leasmhara ar bhealach a chuireann dtuairimí san áireamh, trí úsáid a bhaint as próisis reachtúla agus neamhreachtúla araon

Tacú le páirtithe leasmhara agus soláthraithe reachtúla, agus iad a neartú, trí chomhoibriú a dhéanamh maidir le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch an chontae

Obair Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) Fhine Gall a neartú, tacú leis an obair sin agus an obair sin a mhéadú







# TÉAMA 2: Comhshaol ar Ardchaighdeán atá Athléimneach ó thaobh Aeráide de

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH
## *GNÍOMHARTHA MAIDIR LEIS AN ATHRÚ AERÁIDE*

## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA
Na gníomhartha ar leith ata sa Phlean Gníomhaíochta um Athrú Aeráide a chur i gcrích chun feabhas a chur ar athléimneacht ó thaobh na haeráide de

Glacadh le ról ceannaireachta maidir leis an aistriú i dtreo sochaí dhícharbónaithe

Bithéagsúlacht an chontae a chur chun cinn agus a chosaint agus obair a dhéanamh chun éiceachórais agus seirbhísí éiceachórais a athshlánú

Cultúr géilliúlachta laistigh den chontae a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú chun gealltanais maidir leis an Athrú Aeráide a chur ar aghaidh

Geilleagar áitiúil láidir a chothú trí mheán gnólachtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH
## *ÁR gCOMHSHAOL AGUS OIDHREACHT A CHOSAINT*

## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA
Oidhreacht chultúrtha agus thógtha ár gcontae a chur chun cinn agus a chosaint

An carachtar ar leith uirbeach, tuaithe agus cois cósta atá ag Fine Gall a chur chun cinn

Tacú leis an oidhreacht chultúrtha ar leith ata ag Fine Gall agus leis an nGaeilge Bainistíocht inbhuanaithe dramhaíola agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn Tionchar comhshaoil ghníomhaíochtaí na Comhairle a laghdú

A chinntiú go bhfuil ár gcósta, tránna agus bealaí uisce bainistithe ar bhealach inbhuanaithe



# TÉAMA 3: Timpeallacht Gnó ar Ardchaighdeán

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH
### *FÁS GEILLEAGRACH INBHUANAITHE A CHUR CHUN CINN AGUS A CHUMASÚ*

## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA
Ceannaireacht chomhoibríoch a chothú i dtaca le scileanna don am atá le teacht a fhorbairt sa chontae

Tacú le forbairt gheilleagrach inbhuanaithe i bhFine Gall agus í a chur chun cinn

Tacú le feidhmíocht, nuálaíocht, iomaíochas, táirgiúlacht agus rath na ngnólachtaí i bhFine Gall

Tionscnaimh beartais earnála a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus Fhine Gall a chur chun cinn mar áit le hinfheistíocht a dhéanamh inti chun tacú le forbairt gheilleagrach áitiúil

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH
### *TURASÓIREACHT INBHUANAITHE A FHÁS AGUS A CHUMASÚ*

## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA
Tairiscint agus margaíocht maidir le turasóireacht sa chontae a neartú

Éascaíocht a dhéanamh ar cheann scríbe turasóireachta a chruthú i bhFine Gall maidir le bia agus deoch

Tionscnaimh faoi stiúir oidhreachta ag ionaid réadmhaoine Oidhreachta de chuid Fhine Gall a chur chun cinn

Eispéiris agus imeachtaí do chuairteoirí ag gach taitneamhacht do chuairteoirí i bhFine Gall a bharrfheabhsú agus a mhéadú

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH
### *BONNEAGAR STRAITÉISEACH A CHUR AR FÁIL AGUS COTHABHÁIL A DHÉANAMH AIR*

## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA
Talamh a ghníomhachtú trí bhonneagar a sholáthar chun éascaíocht a dhéanamh ar thithíocht, forbairt gheilleagrach agus pobail inbhuanaithe a sholáthar

Córas iompair inbhuanaithe a sholáthar ar mhaithe le gach duine

Cláir oibre a sholáthar a fhorbraíonn agus a choimeádann bonneagar straitéiseach, fisiciúil agus glas an chontae



# TÉAMA 4: Cáilíocht inár gCuid Oibre

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH
### *FEABHAS A CHUR AR DAONLATHAS, RIALACHAS, OSCAILTEACHT AGUS TRÉDHEARCACHT*

## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA
An caighdeán is airde seirbhíse a chur ar fáil dár gComhairleoirí agus gach comhalta tofa

A chinntiú go bhfuil rialachas maith, oscailteacht agus trédhearcacht laistigh den Chomhairle

A chinntiú go dtugtar faoi fheidhmeanna daonlathacha na Comhairle ar bhealach oscailte, feasach agus éifeachtach

Eolas a chur ar fáil do dhaoine le cláir éifeachtúla chumarsáide





## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH
### *SEIRBHÍSÍ AR ARDCHAIGHDEÁN A SHOLÁTHAR*

## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA
Seirbhísí a sholáthar ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla agus is féidir

Cultúr an fheabhais leanúnaigh a chothú i ngach ceann dár ngníomhaíochtaí Teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun ár n-ionad oibre agus soláthar na seirbhísí a chumasú agus a bhunathrú chun feabhais

Prionsabail an dearaidh mhaith, an tsoláthair mhaith, na bainistíochta maithe agus na cinnteoireachta feasaí a chur i bhfeidhm i gcás gach tionscadal, clár agus soláthair seirbhísí

Oibleagáidí reachtúla a chur i gcrích ar bhealach a chinntíonn cothroime agus éifeachtúlacht don phobal a chosnaítear agus iad siúd a ndéantar rialú orthu

An Dualgas Earnála Poiblí a chur i gcrích faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH
### *FORBAIRT FOIRNE AGUS EAGRAÍOCHTA A NEARTÚ*

## CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA
Lucht saothair a thógáil don todhchaí trí bhaill foirne spreagtha agus ardchaighdeáin a earcú, a choinneáil agus a fhorbairt

Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine i measc ár bhfoirne a chosaint agus a chur chun cinn

Acmhainn agus cumas na heagraíochta a fhorbairt

An eagraíocht a bhainistiú go héifeachtach

# CUR I bhFEIDHM AGUS MONATÓIREACHT

**Bainfear úsáid as na prótacail agus socruithe Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn a dhéanamh maidir le cuspóirí a bhaint amach:**

## Náisiúnta

Táscairí Seirbhíse Náisiúnta

An Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta

## Réigiúnach

Idirghníomhaíochtaí leis An Oifig an Rialaitheora Phleanála

Idirghníomhaíochtaí le Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre

## Áitiúil

Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Áitiúil

Plean Bliantúil maidir le Soláthar Seirbhíse - athbhreithnithe ráithiúla Tuarascálacha an Choiste Iniúchóireachta

Tuarascálacha Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil

Buiséid Bhliantúla agus athbhreithnithe ráithiúla

Cláir Chaipitil Trí Bliana - athbhreithnithe bhliantúla agus ráithiúla Cuntais Deireadh Bliana agus Tuarascáil ar Thorthaí


Tuarascáil Mhíosúil an Phríomhfheidhmeannaigh chuig an gComhairle Pleananna Oibriúcháin Rannóige

Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF)

Suirbhéanna ar Chustaiméirí

Tairseach Comhairliúcháin

# AGUISÍN 1: An Chomhairle, a Coistí agus a Comhlachtaí Gaolmhara



# AGUISÍN 2: An Chomhairle agus a Coistí

## AN CHOMHAIRLE CONTAE

Is í an Chomhairle Contae an t-údarás cinnteoireachta maidir le beartais agus buaileann sí le chéile gach mí. Tá cruinnithe ar leith don Chruinniú Ginearálta Bliantúil agus chun glacadh leis an mBuiséad Bliantúil. Tá 40 Comhalta ann a thoghtar gach 5 bliana. Chuaigh an Chomhairle reatha isteach in oifig i Meitheamh 2019 agus beidh sí in oifig go dtí Meitheamh 2024.

Déanfar ról an Mhéara a thoghadh ag an gCruinniú Ginearálta Bliantúil i Meitheamh gach bliain.

## COISTÍ LIMISTÉIR

Sanntar gnó de chineál níos áitiúla ar Choistí Limistéir, agus tá trí Choiste den chineál sin ann:

- Coiste Limistéir Bhaile Bhlainséir-Mhullach Eadrad/Chaisleán Cnucha Ongar - 16 Chomhalta
- Coiste Limistéir Bhaile Brigín/An Rois-Lusca/Shoird - 17 gComhalta
- Coiste Limistéir Bhinn Éadair/Mhullach Íde - 7 gComhalta

Déantar Cathaoirleach an Limistéir a thoghadh gach bliain.

## COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tá ról neamhspleách ag an gCoiste Iniúchóireachta maidir le comhairle a thabhairt don Chomhairle ar phróisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach agus gnóthaí iniúchóireachta, mar chuid de na socruithe rialachais atá a bhfeidhmiú laistigh den Chomhairle. Cuirtear an Coiste Iniúchóireachta ar bun le rún na Comhairle nuair a dhéanann an Grúpa Beartais Chorparáidigh daoine a ainmniú agus tá seacht gcomhalta air - trí Chomhalta Tofa agus ceithre chomhalta sheachtracha.

## GRÚPA BEARTAIS CHORPARÁIDIGH

Tugann an Grúpa Beartais Chorparáidigh (GBC) comhairle agus tacaíocht don Chomhairle maidir le beartais a cheapadh agus a fhorbairt, agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais. Tá an Méara, mar Chathaoirleach, agus Cathaoirligh na sé Choiste Beartais Chorparáidigh ar an nGrúpa.

## COISTÍ BEARTAIS STRAITÉISIGH

